



Athbhreithniú Bliantúil
2009

Clár Ábhair

Clár Ábhair	1
Tuairisc an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú an Stiúrthóra	4
Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine Óga Aitheantas d'Oibrithe Deonacha Gradaim Ghnóthachtála na nOibrithe Deonacha 2009	6
Meastóireachtaí & Athbhreithnithe na Seirbhíse	10
Forbairtí & Tacaí	14
Ráiteas Misin an CDYSB Aidhmeanna phlean straitéiseach an CDYSB 2009-2012	18
Ráitis Airgeadais Formáid mar a bhí i mBlianta roimhe seo	19

CDYSB

70 Bóthar Morehampton, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Teil: (01) 432 1100
Facs: (01) 432 1199
R-phost: info@cdysb.cdvec.ie
Suíomh Gréasáin: www.cdysb.ie

Athbhreithniú Bliantúil 2009



Le linn 2008 chonaiceamar na coinniollacha eacnamaíochta is measa le 25 bliain anuas agus dá bharr sin bhí ar eagraíochtaí óige déileáil le buiséid laghdaithe agus dul i ngleic leis an dúshlán seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil i dtimpeallacht eacnamaíochta neamhfhabhrach.

Lean seirbhísí oibre óga ag forbairt, d'ainneoin na laghdaithe breise atá le teacht i maoiniú na hearnála – seirbhís arna soláthar ag oibríthe deonacha agus baill foirne i gCathair Bhaile Átha Cliath. Lean oibríthe deonacha agus foireann i dtionscadail agus seirbhísí óige ag soláthar seirbhísí ardchaighdeán. I dteannta CDYSB bhíodar ag scrúdú conas ab fhearr tacú le cur i bhfeidhm cláir agus pleananna oibre óige ina bpobail. Thosaigh forbairt phlean straitéiseach CDYSB le linn 2008 agus d'áirigh seo comhairliúchán le clubanna, tionscadail agus daoine óga a d'athdhearbhaigh a gcaidreamh dearfach leis an CDYSB. D'iarr tionscadail agus seirbhísí tuilleadh idirghabhála lena chéile agus le foireann CDYSB trí raon beart agus clár. Agus aghaidh á tabhairt againn ar an todhchaí d'aontaíomar oibriú le chéile chun an luach is fearr ar acmhainní a fháil,

idir airgeadais agus foirne, chun seirbhís chuimsitheach a sholáthar do dhaoine óga.

Sna hamanna athraitheacha seo do shocháil na hÉireann ní raibh luach na seirbhísí oibre óige riamh chomh tábhachtach is atá anois. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaimis ár gcion, de réir ár róil, lena chinntiú go bhfaightear luach maith ar na hacmhainní atá ar fáil agus cosaint a ráthú do leasa daoine óga. Seo ár dtosaíocht agus muid an tréimhse dheacair seo á bainistiú againn. Ní féidir an tionchar praiticiúil ag rith agus soláthar seirbhíse óige ar acmhainní laghdaithe a mheas faoina thromchúis agus ní foláir dúinn oibriú le chéile go comhoibrítheach agus acmhainní agus saineolas foirne a roinnt nuair is féidir, chun na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach do dhaoine óga ina bpobail.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhbhaill boird agus le foireann CDYSB as a dtiomantas leanúnach i leith fhorbairt seirbhísí óige i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Vincent Jackson
Cathaoirleach

Is iad na hoibríthe deonacha crann taca sholáthar Seirbhísí Óige, bídis ar Bhoird Bhainistíochta nó ar Thionscadail, agus go minic is róil chasta a bhíonn acu nó bíonn said i dteagmháil dhíreach le daoine óga. Ní féidir luach na hoibre agus an tiomantais sin a mheas faoina thábhacht ó thaobh an Chaipitil Shóisialta de.

Ba mhaith leis an mBord a bhuíochas a ghabháil as an maoiniú ó mhuintir na hÉireann tríd an gCrannchur Náisiúnta, Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, An Roinn Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Cigireacht na Seirbhíse Réigiúnaí den Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Chomh maith leis sin, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le foireann na rann sin as a dtacaíocht leanúnach. Tá buíochas ag dul d'fhoireann an CDYSB freisin as a ngairmiúlacht agus a dtiomantas d'obair an Bhoird.

Liosta Bhaill an Bhoird:

An Comh. Vincent Jackson
An Comh. Paddy Bourke
An tAth. Jim Caffrey
Mary Clarke
An Comh. Michael Conaghan
Garrett Flynn
An Comh. Kevin Humphreys
An Comh. Dermot Lacey
Ms Marian Dooley
An Comh. Criona Ni Dhalaigh
Vicky Rattigan

I láthair i 2009:

Mary Mooney, Stiúrthóir
Anne Meehan, Stiúrthóir Cúnta
Stephen Mc Carthy, Oifigeach Oideachais, Coiste Gairmoideachais CBÁC





Cuireadh i gcrích na bearta agus na réimsí oibre arna sonrú inár bplean oibríochtúil 2009 agus rinneadh dul chun cinn maidir leo. Feidhmíodh ár bpleananna agus ár gcuspóirí i gcomhthéacs na n-athruithe ag an leibhéal Náisiúnta agus bhain seo go háirithe leis an athrú atá tagtha ar an chúrsaí eacnamaíochta na tíre agus gur bogadh an rannóg

Gnóthaí Óige ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dtí Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Toisc na n-éiginnteachtaí maidir le maoiniú a tharla dá bharr seo bhí ar an eagraíocht obair i dtimpeallacht lán athrú agus cúiseanna imní. Rinneadh obair an CDYSB agus a chroídhualgais agus a chroífheidhmeanna ar chaighdeán ard.

Bunaíodh plean oibríochtúil 2009 orthu seo a leanas;

- Plean straitéiseach a fhorbairt
- Na cúinsí eacnamaíochta agus idirbheartaíocht leis na Ranna chun poist san obair óige a choinneáil maille le seirbhísí túslíne do dhaoine óga
- Chinn CDYSB íoslaghdú a dhéanamh ar éifeacht an laghdaithe sa bhuiséad do chlubanna agus do ghrúpaí deonacha
- Choinnigh an CDYSB a phoist foirne féin, agus laghdáíodh costais na gclár agus costais forbartha chun seo a bhaint amach
- Tugadh tús áite don chumarsáid faoi acmhainní airgeadais atá ar fáil agus tionscadail tacaíochta faoina roghanna chun airgead a choigilt





Rinneadh athbhreithniú ar struchtúr agus ar sholáthar na seirbhísí arna n-athbhreithniú agus arna bpleanáil i gcomhthéacs na n-athruithe sa phearsanra agus sa mhéid nár athsholáthraíodh foireann mar thoradh ar an moratóir ar phoist seirbhíse poiblí. Cuireadh leis an gcúis imní maidir leis an leibhéal maoiniúcháin dár dtionscadail agus dár ngrúpaí toisc gur laghdaíodh an leithdháileadh airgid a fuair gach tionscadal. D’fhág an laghdú seo ar leithdháileadh airgid formhór na dtionscadal le buiséid bheaga oibríochtúla agus cláir. Mar thoradh ar na buiséid a bhí ar fáil le haghaidh na dtionscadal óige bhí sé an-deacair feidhmiú ag na leibhéil is fearr de sholáthar seirbhíse. Bhí cruinnithe ag an CDYSB le gach tionscadal ar leithligh i ndáil lena gcúrsaí airgid agus chuir tuarascáil faoi bhráid an OALGÓ ag cur síos ar an tionchar a bheadh ag an laghdú seo sa mhaoiniú. I gcruinnithe ina dhiaidh sin leis an OALGÓ d’éirigh linn na barrachais ó 2008 a choinneáil chun faoiseamh a thabhairt ón ualach seo ar thionscadail agus poist a bhfoirne a choinneáil slán ar fud an chórais. D’éirigh linn na tionscadail agus an fhoireann seo a choinneáil ag dul a bhuiochas le cruinnithe rialta agus trí chomhfhreagras. Bhunaigh na tionscadail grúpa stocaireachta dar teideal “Dublin Focus on Youth” chun feachtas a spreagadh maidir leis an éifeacht a bheadh ag ciorruithe i seirbhísí túslíne agus chun cur i gcoinne ciorruithe breise sna buiséid.

Leanadh le linn 2009 leis an tiomantas i leith tosach feidhme a thabhairt d’ailt den Acht um Obair don Aos Óg trí pháirt a

ghlacadh i bhfochoistí den NYWAC agus an coiste um obair óige den IVEA. Ní dhearnadh mórán dul chun cinn toisc gur bogadh an Rannóg Gnóthaí Óige chuig an OALGÓ. Bhí rannpháirt an CDYSB sa Chreat um Chaighdeáin Cháilíochta (CCC) an-eolasach agus beidh comhaontú maidir le feidhmiú céimneach an CCC leis an OALGÓ ina chuid de phlean 2010.

Chomhaontaigh an bord plean Straitéiseach do 2009 go 2010 agus sheol POF Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, Jacinta Stewart é leis an bhfoireann. Tá na haidhmeanna straitéiseacha ina mbunús do phleananna oibríochtúla do na trí bliana seo chugainn. Dar leis na tionscadail agus na clubanna tá an plean éasca le léamh agus cuireann sé in iúl ár rannpháirtíocht agus ár gcomhairliúcháin leo tríd an bpróiseas RAP. Don CDYSB bhí tionchar ag an dá bhuiséid i mí Aibreáin agus i mí na Nollag ar ár gcumas bainistiú a dhéanamh ar an ualach oibre fad is atá an moratóir i bhfeidhm. D’fhág ciorruithe breise agus bagairt go scorfaí de thionscadail phríomhshrutha an LDTF an earnáil i suíomh an-leochaileach.

Le linn 2009 d’fhéach an CDYSB le cáilíocht na seirbhísí óige agus an dea-chleachtas a choinneáil.

Mary Mooney
Stiúrthóir

Tús áite a thabhairt do dhaoine óga

Sonraítear sa tábla thuas an líon daoine óga a ghlac páirt i dTionscadail/Seirbhísí Óige agus i gClubanna/nGrúpaí Deonacha arna maoiniú trí CDYSB sa bhliain 2009.

San iomlán ghlac 51,206 duine óg páirt, le Tionscadail/Seirbhísí Óige ag cuimsiú 32,565 (64%) de na rannpháirtithe, agus Clubanna/Grúpaí Óige ag cuimsiú 18,641 (36%) de na rannpháirtithe.

Ag amharc ar mhiondealú níos mine ar an líon rannpháirtithe sin, san aoisghrúpa 10 – 14 cuimsíodh 15,486 (48%) rannpháirtí agus san aoisghrúpa 15 – 19 cuimsíodh 9,502 (29%) díobh siúd a bhí páirteach i dTionscadail/Seirbhísí Óige.

Tá na rátaí rannpháirtíochta seo a bhaineann le haoisghrúpaí beagán éagsúil le haghaidh na gClubanna/nGrúpaí Óige, le 7,677 (41%) rannpháirtí san aoisghrúpa 10 – 14 agus 2,970 (16%) san aoisghrúpa 15 – 19.

San iomlán san aoisghrúpa 10 – 19 ghlac 35,635 (70%) duine óg páirt i raon iomlán Seirbhísí um Obair Óige arna dtacú agus arna maoiniú tríd an CDYSB sa bhliain 2009. Mar sin, tá formhór na ndaoine óga a bhaineann sochar as an obair don óige a sholáthraíonn an CDYSB sa chatagóir aoise is leochailí, .i. na blianta múnlaiteacha ógánta.

Sa mhiondealú rannpháirtithe de réir inscne i dTionscadail/Seirbhísí Oibre Óige bhí líon cothrom go leor ann sa dá inscne le 16,491 (51%) fireann agus 16,074 (49%) baineann. Tá an chothromaíocht inscne seo le sonrú freisin sna rannpháirtithe óga i gClubanna/nGrúpaí Óige, le 9,573 (51%) fireann agus 9,068 (49%) baineann.

TÁBLA 1

Rannpháirt Daoine Óga i Seirbhísí arna maoiniú ag CDYSB - 2009							
Aoisghrúpa		0-9	10-14	15-19	20-24	25+	Iomlán
Tionscadail/Seirbhísí Óige							
	Fireann	2,040	7,697	5,019	958	777	16,491
	Baineann	2,320	7,789	4,483	723	759	16,074
	Iomlán na Rannpháirtithe	4,360	15,486	9,502	1,681	1,536	32,565
Clubanna/Grúpaí Óige Deonacha							
	Fireann	1,921	4,153	1,572	1,770	157	9,573
	Baineann	2,265	3,524	1,398	1,698	183	9,068
	Iomlán na Rannpháirtithe	4,186	7,677	2,970	3,468	340	18,641
Gach Seirbhís							
	Fireann	3,961	11,850	6,591	2,728	934	26,064
	Baineann	4,585	11,313	5,881	2,421	942	25,142
	Mór-Iomlán	8,546	23,163	12,472	5,149	1,876	51,206

Aitheantas d'oibrithe deonacha

Sa tábla thuas tá sonraí líon na n-oibrithe deonacha a ghlac páirt i raon seirbhísí arna dtacú agus maoiniú tríd an CDYSB. Sa bhliain 2009 ghlac 3195 oibrí deonach páirt i raon Seirbhísí

Oibre don Óige i gCathair Bhaile Átha Cliath, 2,326 (73%) páirt i gClubanna/Grúpaí Deonacha Óige agus 869 (27%) páirt i dTionscadail/Seirbhísí Óige.

TÁBLA 2

Rannpháirtíocht Oibrithe Deonacha i Seirbhísí arna maoiniú ag an CDYSB sa bhliain 2009			
Seirbhís	Fireann	Baineann	Iomlán
Tionscadail/Seirbhísí Óige			
	293	576	869
Clubanna/Grúpaí Deonacha Óige			
	1,246	1,080	2,326
	Mór-iomlán	1,656	3,195

I gcás na hoibre a rinne oibrithe deonacha i gClubanna/nGrúpaí Deonacha Óige, obair dhíreach le daoine óga a bhí ann, d'fhormhór, chomh maith le bailiú airgid agus dualgais riaracháin/tacaíochta. Ar an taobh eile de, bhain rannpháirtíocht na n-oibrithe deonacha i dTionscadail/Seirbhísí Óige den chuid is mór le fónamh mar bhaill de choistí/bhoird bhainistíochta, chomh maith le roinnt oibre díri le daoine óga agus dualgais tacaíochta eile.

Ó thaobh chothromaíocht inscne de, rannpháirtithe baineanna ba mhó a bhí i gceist le Tionscadail/Seirbhísí Óige - 576 (66%) rannpháirtí baineann agus 293 (34%) rannpháirtí fireann. I gcás na gClubanna/nGrúpaí Óige baineadh líon níos cothromaithe amach le 1,246 (54%) rannpháirtí fireann agus 1,080 (46%) rannpháirtí baineann.

Tríd is tríd, bhí ról an-tábhachtach ag oibrithe deonacha i bhforbairt, i mbainistiú agus i dtacaíocht raon iomlán na Seirbhísí Oibre Óige arna maoiniú tríd an CDYSB sa bhliain 2009. Is cuid bhunriachtanach an grúpa seo de shaoránaigh ghníomhacha i mbonneagar na hOibre Óige a bhíonn ar bun i gCathair Bhaile Átha Cliath. Mar aitheantas air seo, tá an CDYSB tiomanta de, mar chuid dá phlean straitéiseach 2009 – 2012, Polasaí d'Oibrithe Deonacha a fhorbairt agus tacú leis an gcion thar na bearta a dhéanann oibrithe deonacha ar son daoine óga agus ar son na hOibre Óige.



Gradaim do Mhór-Éachtaí san Obair Dheonach don Óige 2009

Tháinig grúpa oibre, ar a raibh baill foirne Forbraíochta, le chéile cúpla uair chun formáid nua a phlé agus a cheapadh don mhór-ócáid seo a bhíonn ar siúl gach bliain. Ar na hathruithe móra a rinneadh bunaíodh painéal neamhspleách measúnachta do gach ainmní, gradaim nua do chatagóirí éagsúla agus gradam saindeartha d'oibrithe deonacha.

Reáchtáladh searmanas na ngradam i dtigh ósta i lár na cathrach i mí na Samhna agus bronnadh gradaim ar chúig oibrí dheonacha dhéag sna trí chatagóir seo a leanas:

Ceannaire Óg

Ceannaire

Oibrí Deonach Tacaíochta

Bhronn Tony Bates, Stiúrthóir Headstrong: ionad náisiúnta meabhair-shláinte, na gradaim agus deir sé gurb iad *“oibrithe deonacha an gliú sóisialta a choinníonn pobail le chéile”* agus mhol sé an dianobair agus an tiomantas a léiríonn gach duine atá i mbun na hoibre deonaí ar son na hóige.

Faighteoir Gradaim	Catagóir	Tionscadal/Grúpa
Siobhan Cowan	Ceannaire Óg	Club Óige Theampaill Chríost, Ráth Garbh
Jimmy Fennell	Ceannaire Tacaíochta na Bliana 2009	Seirbhís Óige Brú
Louise Gillen	Ceannaire Tacaíochta	177ú Grúpa Gasóg, Glas Naíon
Matthew Green	Ceannaire Óg	177ú Grúpa Gasóg, Glas Naíon
Tommy Hartnett	Ceannaire na Bliana 2009	35ú Grúpa Gasóg Ascaill Dhún Uabhair
Patrick Higgins	Ceannaire	Club Óige Dom Savio
Patricia Hiney	Ceannaire	118ú Grúpa Gasóg Sheantrabh
Alice Maguire	Ceannaire	Club Óige an Phoirt Thoir
Terry Maloney	Ceannaire Tacaíochta	Club Óige ‘The Plough’
Christopher Oglesby	Ceannaire Tacaíochta	Club Eachtraíochta ‘North East Inner City’ (NEIC)
Danielle O’Brien	Ceannaire Tacaíochta	Ballymun Regional Youth Resource (BRYR)
Margaret O’Rourke	Ceannaire Tacaíochta	Seirbhís Óige na Tríonóide
Seamus Pender	Ceannaire	St Mary’s Youth Club
Darren Scully	Ceannaire Óg na Bliana 2009	Club Óige ‘The Plough’
Karl Warren	Ceannaire Óg	Seirbhís Óige ‘Swan’



*Gradaim do Mhór-Éachtaí san Obair
Dheonach don Óige*

2009

Meastóireacht agus athbhreithniú na seirbhíse

Meastóireachtaí

Féachann an CDYSB, mar an ghníomhaireacht a dhéanann riaradh ar mhaoiniú don obair óige i gCathair Bhaile Átha Cliath, leis an dea-chleachtas a chinntiú san obair don óige. Chuige seo, ní foláir monatóireacht a dhéanamh ar gach tionscadal/seirbhís don óige lena chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gcritéar maoiniúcháin agus go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach ag na seirbhísí a bhfuil maoiniú á fháil acu. Cuireann an CDYSB, trína Oifigigh Theagmhála Pobail, seirbhís tacaíochta agus mhonatóireachta ar fáil do thionscadail/seirbhísí óige. Chomh maith le próiseas bliantúil tairiscithe do gach tionscadal/seirbhís, déanann an CDYSB coimisiúnú freisin ar roinnt meastóireachtaí neamhspleacha gach bliain. Sa bliain 2009, roghnaíodh Seirbhís Óige na Tríonoíde i nDomhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 agus clár oibre óige San John Bosco (lena n-áirítear New Options New Choices) Droimeanach, Baile Átha Cliath 12 chun go ndéanfaí meastóireacht orthu.

Le linn 2009 bhí foireann an CDYSB páirteach i gceapadh na sonraíochtaí le haghaidh na meastóireachtaí seo. Chuimsigh sin coimisiúnú a dhéanamh ar phróiseas tairisceana agus



roghnúcháin agus é sin a chur i bhfeidhm agus maoirseacht a dhéanamh ar obair na meastóireachtaí. Aontaíodh an próiseas leis na meastóireachtaí a dhéanamh i gcomhairle le boird bhainistíochta agus foireann an dá Sheirbhís Óige a roghnaíodh.

Sonraíochtaí

Chuimsigh téarmaí tagartha na meastóireachtaí iad seo a leanas:

- Stair ghearr bhunús agus fhorbairt an dá Sheirbhís a thabhairt.
- Cur síos agus anailísiú na gclár a fháil ó na seirbhísí féin agus an tionchar a bhí acu ar na daoine óga a bhaineann fóir astu.
- Conairí dul chun cinn arna n-éascú trí na cláir reatha a shainaithint agus anailís a dhéanamh orthu.
- Anailís a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann na seirbhísí sspriocdhírú ar dhaoine óga agus a aithint cibé acu an gceadaíonn an próiseas seo, nó nach ndéanann, don ghné 'i mbaol' den mhaoiniú.
- Líon na ndaoine óga, a n-aoiseanna agus a n-inscní, a bhaineann fóir as cláir agus gníomhaíochtaí na seirbhíse a fháil agus iad a phróifiliú ó thaobh na riachtanas de.
- Líon na ndaoine óga reatha agus poitéinsiúla i limistéar oibríochtúil na seirbhísí a fháil.
- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar féideartha ag athruithe déimeagrafacha ar riachtanais foirne na seirbhíse.
- Sonraí a fháil faoi na huairéanta reatha oibríochtúla i rith na seachtaine agus na deireadh seachtaine agus faoin leibhéal d'am teagmhála díri le daoine óga.
- Sonraí a fháil faoi bhainistiú oibríochtúil na dtionscadal, faoi maoirseacht agus faoi chórais tacaíochta agus breithmheasa agus iad sin uile a mheas.
- Cur síos agus anailís ar earcaíocht, oiliúint agus forbairt foirne agus oibríthe deonacha.
- Sonraí faoi choinneáil chórais reatha coinneála taifead agus córais riaracháin.
- Athbhreithniú ar na croípholasaithe atá ann, más ann dóibh, agus a gcur i bhfeidhm.
- Cur síos agus anailísiú ar naisc an tionscadail agus ar na caidrimh oibre le soláthraithe oibre óige eile atá ag obair le daoine óga sa cheantar áitiúil.

Na Meastóireachtaí a Choimisiúnú

Tar éis próiseas tairisceana poiblí, tugadh cuireadh do na pháirtithe leasmhara cur i láthair a dhéanamh don CDYSB, sular bronnadh an conradh.

Na conarthaí a bhronnadh

Bronnadh an obair bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- Taithí ar thaighde meastóireachta a dhéanamh agus an cumas é a chur i gcrích
- Fianaise oiriúnachta dul i mbun meastóireachtaí le samplaí d'obair a rinneadh roimhe seo
- Cur chuige léirithe go soiléir agus struchtúrtha
- Cumas an obair a chur i gcrích laistigh den bhuiséad agus in am
- Amascaí sainithe go soiléir do na gnéithe indibhidiúla den mheastóireacht
- Luach ar airgead

Éilíodh ar na comhairleoirí neamhspleácha a rinne na meastóireachtaí tuairiscíú do ghrúpa stiúrtha ar a raibh foireann laistigh den CDYSB ag idirthrémhsí rialta le linn an phróisis meastóireachta.

Bhí rochtain ag na meastóirí ar gach cáipéis a bhain le hoibriú gach tionscadail óige lena n-áirítear:

- Tuairiscí athbhreithniúcháin an CDYSB ar sheirbhísí óige i gCathair Bhaile Átha Cliath (m.sh. Youth Count, 2008)
- Tuairiscí Oifigeach Teagmhála Pobail an CDYSB ar gach ceann de na tionscadail
- Pacáiste tuairisce CDYSB curtha i gcrích (teimpléid Pacáiste Tuairisce Óige) agus iarratais ar mhaoiniú ag gach ceann de na tionscadail i geist
- Cáipéisí inmheánacha an Tionscadail Óige lena n-áirítear miontuairiscí na gcruinnithe boird agus na tuarascálacha airgeadais.

Le linn na meastóireachtaí, tharla comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ar bhonn duine le duine, trí mheán grúpaí fócais agus ar an teilefón. Soláthraíodh na tuairiscí deiridh i mí na Nollag 2009.



Príomhthorthaí agus Príomh-mholtaí ag baint le Seirbhís Óige na Tríonóide

Mar thátal fuair an mheastóireacht go bhfuil Seirbhís Óige na Tríonóide ina sheirbhís óige dhea-bhunaithe le leibhéal arda rannpháirtíochta de dhaoine óga, go háirithe déagóirí fireanna. Tá atmaisféar fáilteach dearfach sa príomháitreabh agus braistint céannachta leis na rannpháirtithe eile. Tá naisc láidre ann leis na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna áitiúla.

Tá caighdeán arda d'oilíúint agus scileanna foirne ann. Tá díograis agus tiomantas fhoireann Sheirbhís Óige na Tríonóide fol-lasach. Tacaíonn bord bainistíochta díograiseach le Seirbhís Óige na Tríonóide. D'éirigh leis an tseirbhís go dtí seo rátaí arda saorálaíochta a mhealladh agus tá an tseirbhís ina cuid sheanbhunaithe de phobal Dhomhnach Míde.

Sa tuairisc mheastóireachta luadh na príomhdhúshláin atá i ndán don tseirbhís agus bhain siadsan le heasnaimh ó thaobh an áitribh féin atá in úsáid faoi láthair, rud a d'fhéadfadh bac a chur le fairsingíú agus forbairt na seirbhíse amach anseo. Go háirithe, measadh go n-éilíodh cóiríocht nua i nDomhnach Míde breithniú cúramach ó thaobh fairsingíú na seirbhíse i limistéar an Imill Thuaidh.

Príomhthorthaí agus Príomh-mholtaí ag baint le clár Oibre Óige San John Bosco

Mar thátaí fuair an mheastóireacht gur seirbhís dhea-eagraithe agus a bhfuil meas ag an bpobal air é Clár Oibre Óige Bocso sa phobal áitiúil féin agus sa phobal óige agus earnáil phobail i gcoitinne;

“i measc an phobail áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara seachtracha tá meas mór ar dhea-cháil fhadbhunaithe an ionaid sa phobal agus mhúlna ar leith an tsoláthair seirbhíse”

D'éirigh an-mhaith leis an tionscadal le blianta beaga anuas ó thaobh fhorbairt áise atá úrscothach a mbaineann an pobal áitiúil úsáid mhaith aisti, agus a sholáthraíonn raon clár ar ardchaighdeán agus eispéiris mhaithe do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne. Is deis iontach é seo, le tacaíocht ó

choiste oilte bainistíochta áitiúil, don nuálaíocht, rud atá follasach ar fud an ionaid.

Luadh sa tuairisc roinnt dúshlán a bheadh i ndán don chlár – ina measc dúshlán a eascródh as éileamh ar chláir arna dtairiscint ag an ionad do dhéagóirí níos sine. Tá cumas an ionaid freagairt do na dúshlán seo nasctha go díreach leis na hacmhainní atá ar fáil.

Obair do 2010 & amach anseo

Ag tosú sa bhliain 2010, bainfidh na boird bhainistíochta úsáid as torthaí an dá mheastóireacht sa dá ionad óige i gcomhar leis an CDYSB, d'fhonn seirbhísí do dhaoine óga a chothú agus a fhorbairt amach anseo.



Athbhreithniú

Go déanach sa bhliain 2009 rinne an CDYSB athbhreithniú ar Chlár Malartaithe Sheirbhís Óige Bhaile Formaid. Rinneadh an t-athbhreithniú le comhaontú Sheirbhís Óige Bhaile Formaid agus chuir taighdeoir neamhspleách an tuairisc, arna choimisiúnú ag an CDYSB.

An phríomhaidhm ná doiciméadú, cur síos agus athbhreithniú a dhéanamh ar thaithí Sheirbhís Óige Bhaile Fhormaid ar mhalartaithe óige. Tá sé follasach ón athbhreithniú gur eispéireas a mbaineann cách sochar as é malairt óige Sheirbhís Óige Bhaile Formaid (SÓBF). Ghlac SÓBF páirt i gClár Malartaithe Óige na hEorpa ó bhí 2004 ann, tráth ar ghlac 25 duine páirt i gClár Feasachta Drugaí in Amstardam. Ó shin i leith, bhí 336 duine óg páirteach i 29 tionscadal ar fud 16 thír – ina measc Éire, an Iodáil, Málta, An Bheilg, an Iorua, Martinique, An tSualainn, An Spáinn, An Ostair, An Pholainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Tuirc, An Liotuáin, An Bhrásíl, Lucsamburg agus an Ísiltír. Tugann na tuairimí arna léiriú ag na daoine óga agus a gceannairí le fios gur tharla foghlaim shuntasach i measc na ndaoine óga ar na malartaithe seo. Thacaigh an chonclúid seo le líon mór daoine óga a fuair an Youthpass sa bhliain 2008 agus na tuairimí arna léiriú ag ionadaithe an CDYSB agus Léargas ar cuireadh agallamh rothu le linn an athbhreithniúcháin.

An dara haidhm ná béim a leagan ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn malartaithe in aon eagraíocht óige. Coinníodh taifead sa tuairisc seo ar an taithí shuntasach ag SÓBF i malartaithe óige, maille lena gcomhairle agus a moltaí. I measc na bpríomhphointí foghlama tá:

- Ullmhaigh sula dtéann tú – obair bhuíne a chothú.
- Pleanáil go cúramach – faigh amach gach rud faoin ionad m.sh. cineál cóiríochta, cad a chaithfidh tú a dhéanamh.
- Ba chóir d'oibrithe óige/do cheannairí teacht le chéile agus rialacha bunaidh a chomhaontú.
- Cinntigh go bhfuil suim ag an ngrúpa a bhfuil tú ag tabhairt cuairte orthu sna nithe agus téamaí céanna agus atá do ghrúpa.
- Bíodh meascán maith de dhaoine óga ann san áitreabh.
- Tá grúpaí beaga níos fearr ná grúpaí móra.
- Tabhair roinnt bia m.sh. núdail.



- Déan iarracht íoslaghdú a dhéanamh ar an taisteal idir na hionaid.
- Bíodh meascán maith ann d'inscní ach coinnigh aoisghrúpaí teann.
- Bí cinnte nach dtéitear in áiteanna a bhfuil an cultúr an-éagsúil agus áit nach labhraíonn aon duine Béarla.
- Thar aon ní eile, téigh agus foghlaim a mhéid is féidir!

Go minic, an príomhrud a bhíonn le rá ag daoine ná go n-éilíonn malairt rathúil pleanáil chúramach chuimsitheach ó gach páirtí, go háirithe i bhfoirm Cuairt Réamhphléanála (CRP). Chomh maith leis sin, ba chóir go mbeadh daoine óga ullamh don mhairt trí chleachtaí oibre buíne a dhéanamh leo agus iad a bheith ar an eolas maidir lenar chóir a bheith ag súil leis uathu sa mhairt. Má dhéantar seo i gceart, féadtar caidrimh stuama sheasta a chruthú agus uaidh seo féadtar struchtúir a bhunú chun déileáil le beagnach gach teagmhas.

Ar deireadh thiar, léiríonn taithí rathúil SÓBF le malairtí óige gur féidir an múnla seo a úsáid mar uirlis luachmhar san obair leis an óige, go háirithe (ach ní go heisiach) ag tráth a bhfuil sé níos deacra teacht ar an gcroímhaoiniú. Ní próiseas éasca é, agus éilítear tiomantas mór ón eagraíocht óige. Cibé scéal é, tugann an fhianaise ón athbhreithniú seo le tuiscint go bhfuil fiúntas ag baint leis an bpróiseas do gach duine i gceist. Tá cóipeanna den athbhreithniú, chomh maith le foilseachán SÓBF ar Chlár Malartaithe Óige dar teideal 'European Youth in Action Programme 2009' atá le fáil ón CDYSB.

Painéal Acmhainní

Rinneadh athbhreithniú ar an bPainéal Acmhainní sa bhliain 2009 agus leagadh béim san athbhreithniú sin ar na sochair a bhain tionscadail agus seirbhísí óige agus daoine óga as tacaí a bheith ar fáil dóibh ag amanna an ghátair. Ar na príomhbhreithniúcháin bhí cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais na dtionscadail agus na seirbhísí don óige agus acmhainní atá ar fáil chun íoc as na tacaí seo, ach fós féin an t-uasfhónamh a bhaint as oilteacht, scileanna agus eolas fhoireann an CDYSB. Ag eascairt ón athbhreithniú tugadh tús áite do réimsí oibre le haghaidh bhaill an Phainéil Acmhainní sa bhliain 2009 – eadhon idirghabhálacha géarchéime gearra le daoine óga, oibríthe óige/oibríthe deonacha agus tionscadail agus seirbhísí don óige.

‘Dublin Focus on Youth’

I mí Márta d’éascaigh an CDYSB cruinniú le tionscadail agus seirbhísí óige sa chathair chun maoiniú a phlé don bhliain seo chugainn. I ndiaidh an chruinnithe sin bunaíodh comhghuaillíocht neamhspleách de thionscadail agus seirbhísí óige agus tugadh ‘Dublin Focus on Youth’ ar an ngrúpa seo. Tá trí príomhaidhm ag an gcomhghuaillíocht seo

- Próifíl na hoibre óige a chothú agus feasacht ina leith a spreagadh
- Béim a leagan ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag na ciorruithe sa mhaoiniú ar an obair le daoine óga
- Stocaireacht a dhéanamh ar son earnáil na hoibre óige, agus dúshlán a thabhairt do chiorruithe sa mhaoiniú

Le linn na bliana bhí Dublin Focus on Youth an-ghníomhach san obair chun cás a dhéanamh leis na hAíre, na Teachtaí Dála agus na Comhairleoirí Cathrach iomchuí nach dtarlódh ciorruithe sa mhaoiniú don obair leis an óige.

Bainistíocht ar Tharluithe Criticiúla

Cheap an CDYSB prótacail agus bhunaigh foireann chun córais agus struchtúir a fhorbairt le bainistiú a dhéanamh ar tharluithe criticiúla. Sannadh ról agus freagrachtaí ar bhaill na foirne agus déanfar athbhreithniú ar oibriú na foirne ar bhonn leanúnach.



Iniúchadh Polasaí

Rinneadh iniúchadh ar cháipéisí polasaí Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath agus an CDYSB agus tiomsaíodh pacáiste de na polasaithe iomchuí agus scaipeadh ar an bhfoireann iad. Sainaithníodh réimsí ina bhféadfaí polasaithe nua a fhorbairt agus tugadh tús áite dóibh.

‘VaryUs’

